06.10.2020

San eagrán seo:

- Tae & Plé 21.10.18
- Aiseolas ón mí seo caite
- Nuachtlitir na Roinne
- Ceardlann na Nollag
- ...agus rud amháin eile!

Bhí an-rath ar an gcéad Tae & Plé a bhí ar siúl an mhí seo caite. Gheobhaidh sibh roinnt aiseolais sa chéad alt eile, thíos. Bunaithe air sin, **tá áthas orainn a fhógairt go bhfuil cinneadh déanta againn iad a reáchtáil ar bhonn míosúil.** Ba mhaith linn deis a thabhairt daoibh teacht le chéile ar líne chun saol sa naíonra a phlé, deiseanna agus dúshláin, agus chleachtais a roinnt. Is féidir libh labhairt lena chéile maidir le bhur dtaithí, chun gur féidir tacaíochtaí cuí a aithint agus foghlaim óna cheile.

Beidh an chéad Tae & Plé eile ar siúl ar **21.10.2020 idir 18.00-19.00** thar Zoom. Téama na míosa seo ná **Spraoi Lasmuigh**. Beidh oraibh féin an tae agus na brioscaí a ullmhú sa bhaile, faraor, ach tá súil againn nach mbeidh an lá rófhada uainn go mbeimid in ann bailiú le chéile arís.

Más suim leat cloisteáil ó mhúinteoirí eile agus roinnt aiseolais agus smaointe a fháil, ní gá ach **clárú thíos** agus liostaigh **3 chluiche, ghníomhaíocht nó amhráin a mbaineann na páistí taitneamh astu lasmuigh**.

Cláraigh anseo

Aiseolas ón mí seo caite

Bhí teacht le chéile ar líne ann do mhúinteoirí naíonra ar an 23 Meán Fómhair, agus táimid an-bhuíoch d'fhoireann an 5 naíonra a bhí linn don ócáid. Roinn siad a dtaithí le Gaeloideachas agus lena chéile maidir le filleadh ar an naíonra agus srianta Covid-19 i bhfeidhm, agus so thíos achoimre ghearr ar na nithe ar leith a thug siad suntas dóibh, idir mhaith agus dúshlánach:

Ar an iomlán, tá na páistí as-sásta bheith sa naíonra, agus bheith i measc páistí eile. Bhraith siad go bhfuil na páistí níos socra iontu féin i ndiaidh dóibh níos mo ama a chaitheamh lena dtuismitheoirí, agus nach bhfuil an oiread céanna brú orthu ag teacht isteach ar maidin, seans toisc na tuismitheoirí a bheith ag obair ón mbaile. D'aithin roinnt de na naíonraí go bhfuil a gcuid uimhreacha níos ísle ná mar a bhíonn go hiondúil, faraor.

cumarsáid leo ag an ngeata ina ionad, agus déantar iarracht an oiread eolas a chur ar líne do na tuismitheoirí agus gur féidir. Aithníodh i naíonra amháin go raibh na páistí ag socrú isteach níos éasca agus níos fearr toisc na socruithe nua leis na tuismitheoirí a bheith lasmuigh den naíonra agus tá sé i gceist acu leanúint leis an gcleachtas sin amach anseo. I gcás naíonra amháin, a bhfuil beirt fostaithe leo mar thacaíocht ar leith do thuismitheoirí, luadh go bhfuil níos mó dúshlán ná riamh ag roinnt de na teaghlaigh, agus go leor tacaíochta de dhíth.

Tá díomá ann toisc nach bhfuil aon solúbthacht ceadaithe i dtaobh uaireanta ECCE, a dhéanfadh níos éasca dóibh é tús agus deireadh agaithe a chur leis na seisiúin naíonra ar mhaithe le scaradh sóisialta ag an ngeata, mar a dhéantar sna scoileanna. Rud ata dian ar fhoireann an naíonra ná an laghdú ar an am gur féidir a chaitheamh ag plé aghaidh-le-haghaidh lena chéile, agus an bhuairt go bhféadfadh seo tionchar a imirt ar thógáil foirne.

Tá níos mo ama á chaitheamh lasmuigh leis na páistí, agus pléadh an leas a baineadh as deontais le cur leis na spásanna lasmuigh ag na naíonraí – foscadh, bréagáin nua agus eile. Moladh go mbeadh cóta agus buataisí baistí ag gach páiste (chomh maith le hata gréine!) agus luadh go dtugtar tús áite don dea-aimsir sa phlean don lá.

Luadh an buntáiste a bhaineann le híocaíochtaí ar líne trí Revolut, a dhéanann an saol níos éasca don naíonra. Rud a ghlacann níos mó ama ná riamh ná an glantachán, agus bhí plé ann maidir le héadaí gléasta suas, le moltaí go gcoinneofar i mboscaí stórála éagsúla iad do na podanna éagsúla, le níocháin níos minice á dhéanamh orthu. Aithníodh gur maith an cleachtas go mbeadh mála araon do gach páiste, rud a thaitníonn leis na paistí féin.

Do na páistí a d'fhill don dara bliain sa naíonra, aithníodh go bhfuil roinnt den Ghaeilge caillte acu de dheasca an easpa teagmhála leis an teanga le linn tréimhse an dúnta. Níl imní maidir leis, áfach, mar feictear go bhfuil an cur chuige tumoideachas ag cabhrú go mór – rannta, athrá agus spraoi. Rinne naíonra amháin físeáin a scaipeadh go rialta ar na teaghlaigh agus an naíonra dúnta le cabhrú leis an sealbhú teanga agus féachfar ar na físeáin seo a roinnt mar áis do naíonraí agus tuismitheoirí eile.

Táimid an-bhuíoch d'Áine, Aisling, Barbara, Cáit, Maebh agus Máire as a gcomhluadar, agus as a dtaithí a roinnt go fial le pobal na naíonraí. Buíochas chomh maith le Conall, aoi beag speisialta a thaitin an naíonra go mór leis anuraidh! Ceangailte thíos, tá nod nó dhó a roinn na naíonraí linn ar an oíche.

Thug sé misneach dúinn i nGaeloideachas cloisteáil go bhfuil ag éirí go maith leis na naíonraí ónar oscail siad arís, ainneoin na ndúshlán, agus táimid anseo i gcónaí le cabhrú,

Roinn Naíonra Thír na nÓg i mBaile Phámar an nod seo linn. Cuireann na greamáin seo i gcuimhne duit na háiteanna a leagann tú do lámha go minic. Tá siad ar fáil le ceannach ó accounts@etapleyinst.net

Tá acmhainní agus scéalta iontacha ar fáil ar shuíomh Naíonra Náithí. Bhí sé de nós acu na físeáin a roinnt leis na tuismitheoirí sa bhaile i rith na dianghlasa. Féach anseo.

Coinnigh taifead tinrimh ar leith le haghaidh gach seomra agus/nó gach seisiún ar leith	Ná úsáid ticeanna chun tinreamh a thaifead
Cinntigh gur duine a oibríonn sa seomra/seisiún a chomhlánaíonn an taifead tinrimh i gcónaí	Ná lig do dhuine nach n-oibríonn sa seomra/seisiún an taifead tinrimh a chomhlánú
Comhlánaigh na taifid tinrimh i bhfíor-am agus na leanaí ag teacht/ag imeacht	Ná comhlánaigh na taifid tinrimh roimh do theacht/ imeacht na leanaí
Scríobh síos na hamanna teachta/imeachta iarbhír i gcás gach linbh	Ná húsáid Tippex ná aon sreabhán ceartúcháin eile chun buntaifid a leasú nó a athrú
Déan athbhreithniú ar thaifid tinrimh ar bhonn rialta, uasdátaigh clárúcháin chun an tinreamh ceart a léiriú agus ná cuir isteach ach tuairisceáin a léiríonn an tinreamh ceart.	Ná scrios buntaifid i.e. taifid tinrimh bhunaidh

Taifid Tinrimh - coinnigh cothrom le dáta iad

An bhfuil an leagan is déanaí de Nuachtlitir na Roinne léite agaibh? Tá sé lán le heolas úsáideach. Is féidir teacht ar an eagrán is déanaí thíos.

"Tá sé riachtanach go gcoinníonn soláthróirí taifid tinrimh cothrom le dáta chun a chinntiú go bhfuil rialacha scéimeanna cistiúcháin DCYA, chomh maith leis na Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 á gcomhlíonadh acu. Tá na ceanglais iomlána leagtha amach sa Treoir Dhea-Chleachtais - Taifid Tinrimh atá le fáil i rialacha na gclár ECCE, CCSP agus TEC. Tá tuilleadh eolais le fáil faoi cheanglais an NCS ar an Early Years Hive. Fuair Pobal CAR go raibh ardleibhéal neamhchomhlíonta i gceist i measc soláthróirí ó thaobh taifid tinrimh iomchuí a choinneáil. Féadfaidh go gcuirfear smachtbhannaí i bhfeidhm i gcás nach gcomhlíontar na rialacha maidir le taifid tinrimh, agus mar sin, tá sé tábhachtach go bhfuil soláthróirí ar an eolas faoi rialacha na gclár ar leith atá á reáchtáil acu. Táimid tar éis roinnt noda a chur le chéile anseo thíos ach ba cheart teagmháil a dhéanamh le do CCC má tá tuilleadh treorach ag teastáil uait."

Eagrán is déanaí de Nuachtlitir na Roinne

Ar thuig sibh gur **La Domhanda na Múinteoirí** a bhí ann ar an Luan? Seo chugaibh físeán álainn chun bhur n-aird a tharraingt ó gach rud eile atá ag dul ar aghaidh sa saol faoi láthair!

Táimid fíorbhuíoch díbh as an dianobair a dhéanann sibh don earnáil i rith na bliana. Mar bhuíochas, ba mhaith linn ceardlann a chur ar fáil daoibh a bheadh chun bhur leasa. Is féidir moladh ar bith a chur ar aghaidh go katie@gaeloideachas.ie An bhfuil ceardlann feicthe agaibh ar líne a thaitin libh? Abair linn anseo!

Glac síntús le nuachtlitreacha eile Gaeloideachas

Roinn ar Facebook **Tvuít**

Copyright © 2020 GAELOIDEACHAS
All rights reserved. Gach ceart ar cosaint.

díchláraigh ón liosta seo